



Oifig Náisiúnta Imdhíonta

HSE National Immunisation
Office

www.immunisation.ie
@HSEImm

Aonaid 8/9 Páirc Gnó Shráid
an Mhainéir
Sráid an Mhainéir
Baile Átha Cliath 7, D07 X320

Unit 8/9 Manor Street Business
Park
Manor Street
Dublin 7, D07 X320

e immunisation@hse.ie

Meitheamh 2022

FÓGRA TÁBHACHTACH – SLÁINTE PHOIBLÍ

A Eagraitheoir Chúrsa, a chara,

Is mian le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a chur in iúl do choláistí teanga a thábhachtaí agus atá an vacsaíniú do mhic léinn agus d'fhoireann atá ag freastal ar chúrsaí nó ag cabhrú leo in 2022

Bruitíneach

Aithníodh 22 tír ar fud an domhain a raibh ráigeanna móra agus toirmeascach den bhruitíneach iontu le 12 mhí anuas, rud a chuir isteach go mór ar shláinte an phobail. Tá an bhruitíneach an-tógálach – is féidir le cás amháin idir 12-15 cás breise a chruthú.

Is é vacsaíniú leis an vacsaín MMR (bruitíneach, leicneach agus rubella) an t-aon bhealach le cosaint a thabhairt ar an mbruitíneach. In Éirinn tugtar an chéad dáileog MMR ag 12 mhí d'aois, agus an dara dháileog ag 4-5 bliana d'aois.

Ba chóir do mhic léinn agus d'fhoireann ó aon tír eile nó Éire atá ag freastal ar do choláiste a chinntiú go bhfuil DHÁ dháileog den vacsaín MMR faighte acu roimh fhreastal agus ba chóir iarraidh orthu a stádas vacsaínithe MMR (nó imdhíonacht na bruitíní) a dheimhniú óna ndochtúir nó óna seirbhís imdhíonta féin.

Meiningeacocúil grúpa C

Is ionfhabhrú tromchúiseach é Meiningeacocúil grúpa C a d'fhéadfadh meiningíteas agus septicéime (nimhiú fola) a chruthú... Tugtar an vacsaín MenC do leanaí in Éirinn mar chuid de na himdhíontaí bunskoile, agus tugtar dáileog den vacsaín MenACWY do dhaltaí na chéad bhlianta i meánscoileanna. Mar sin féin, ní chuireann formhór na dtíortha lasmuigh d'Éirinn an vacsaín Meningeacocúil san áireamh ina sceideal imdhíonta.

Ba chóir go gcinnteodh vacsaíniú gach mac léinn agus ball foirne nach dtarlódh aon chás de na galair seo i do choláiste. Sa chás go n-aithnítear cás in ainneoin na mbeart thuas, ba cheart dul i dteagmháil láithreach leis an rannóg sláinte poiblí áitiúil agus soláthróidh siad an chomhairle agus an treoir riachtanach duit. Is féidir sonraí teagmhála do rannóg sláinte poiblí áitiúil a fháil ar shuíomh gréasáin FSS ag an nasc seo <https://bit.ly/DPHContact>

Le do thoil, cuir na mic léinn, na tuismitheoirí agus an fhoireann ar an eolas faoin eolas seo sula bhfreastalaíonn siad ar do chúrsa teanga.

Tuilleadh eolais ar fáil ag www.immunisation.ie

Is mise le meas,

Dr Lucy Jessop, Comhairleoir Leighis sa Sláinte Phoiblí – Ceannasaí Náisiúnta Imdhíonta
Oifig Náisiúnta Imdhíontaí
MRCN 424447